TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 30 Eanáir 2025[1]

Cásanna Uamtha C-555/23 agus C-556/23

Makeleio EPE (C-555/23)
Zougla G.R. AE (C-556/23)
v
Ethniko Symvoulio Radiotileorasis (ESR)

(Iarraidh ar réamhrialú ón Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig))

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2010/13 – Seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (SMCA) – Tairseach nuachta idirlín ag craoladh SMCA freisin – Dínit an duine a urramú – Toirmeasc ar chláir ar dhroch-chaighdeán a chraoladh – Prionsabal an léirithe chomhréirigh – Teorainneacha – Prionsabal na dlíthiúlachta)

I. Réamhrá

1. Ghearr an t-údarás inniúil náisiúnta seirbhísí meán closamhairc (SMCA) fíneáil ar dhá thairseach nuachta idirlín de chuid na Gréige as craoltaí a sháraíonn dínit an duine.

2. Os comhair an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), arb í an chúirt a rinne an tarchur sna cásanna seo, rinne na tairseacha sin agóid i gcoinne na bhfíneálacha a forchuireadh orthu, ag maíomh nár díríodh an reachtaíocht ábhartha lena gcuirtear cosc ar chraoltaí den sórt sin ar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA.

3. I gcomhthéacs na n-imeachtaí náisiúnta sin, tháinig roinnt ceisteanna chun cinn maidir le léiriú ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc[2] (‘Treoir SMCA’) agus maidir le teorainneacha phrionsabal an léirithe chomhréirigh.

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) (IO 2010 L 95, lch. 1), arna leasú le Treoir 2018/1808 (ina leagan comhdhlúite, ‘Treoir SMCA’).

II. An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

4. Is tairseacha idirlín nuachta de chuid na Gréige iad Makeleio agus Zougla ('na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí'), a chuireann cláir chlosamhairc ar fáil freisin ar a suíomhanna gréasáin idirlín. Ní soláthraithe traidisiúnta SMCA iad; i bhfocail eile, níl siad inchomparáide le stáisiúin teilifíse, a chraoltar ar mhinicíochtaí leithroinnte nó ar líne, nó an dá rud. Mar sin féin, uaireanta cuireann na tairseacha idirlín nuachta sin na cláir atá faoi réir Threoir SMCA ar fáil don phobal. Déanfaidh mé tagairt do sholáthraithe den sórt sin mar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin.

5. An 29 Meitheamh 2021, rinne Makeleio clár a chraoladh inar úsáid an léitheoir nuachta, agus an nuacht faoi chuairt ionadaithe pobail LADT+ ar oifig Phríomh-Aire na Gréige á cur i láthair aige, teanga dhímheasúil, ionsaitheach agus mhaslach faoi dhaoine homaighnéasacha, inar thug sé barúlacha íorónta faoina ngnéaschlaonadh agus inar spreag sé ionsaithe ó bhéal agus fisiciúla orthu go hindíreach. Ar deireadh, rinne an léitheoir nuachta sin tagairtí soiléire arís agus arís eile do ghnéaschlaonadh na ndaoine polaitiúla ainmnithe ('an chéad chlár atá faoi chonspóid').

6. An 22 Feabhra 2022, tharchuir Zougla, trína shuíomh gréasáin, clár stáisiúin raidió a chraoltar ar an idirlíon freisin. Le linn an chraolta sin, ar chúis imeachtaí coiriúla leanúnacha i gcoinne tríú páirtithe i leith péidifilia, rinne an láithreoir ionsaí pearsanta, gan bunús a thabhairt, ar dhaoine polaitiúla áirithe, ag baint úsáid as a n-ainmneacha agus a sloinnte agus ag déanamh sraith barúlacha clúmhillteacha agus ionsaitheacha a bhain leis an gclaonadh líomhnaithe atá acu péidifilí agus a ngníomhaireacht a chosaint chun daoine a chur chun cinn chuig poist freagrachta chun a roghanna gnéis a thóir ('an dara clár atá faoi chonspóid').

7. Cuireadh an dá chlár atá faoi chonspóid faoi bhráid an Ethniko Symvoulio Rdiotileorasis (an Chomhairle Craolacháin Náisiúnta, an Ghréig, 'ESR'), údarás riaracháin neamhspleách na Gréige a dhéanann maoirseacht agus rialáil ar mhargadh SMCA.[3]

8. Mheas ESR go raibh dlínse aige ar an dá chlár a cuireadh ar fáil don phobal, toisc gur mheas sé gur soláthraithe SMCA iad Makeleio agus Zougla araon de réir bhrí Threoir SMCA agus Dhlí 4779/2021,[4] lenar trasuíodh an Treoir sin ina reachtaíocht náisiúnta.

9. Ghearr ESR dhá phionós riaracháin ar Makeleio, as ucht an chéad chlár atá faoi chonspóid a chraoladh.[5] Forchuireadh an chéad phionós de mhéid EUR 30 000 as sárú a dhéanamh ar an toirmeasc faoi Airteagal 8 de Dhlí 4779/2021 ar ghríosú chun foréigin nó fuatha i leith daoine mar gheall ar a ngnéaschlaonadh. Leis an bhforáil sin de Dhlí 4779/2021, trasuíodh Airteagal 6 de Threoir SMCA i ndlí na Gréige. Leanann sé ó na horduithe tarchuir nach ndearna Airteagal 8 de

[3] Is é ESR an t-údarás rialála de réir bhrí Airteagal 30 de Threoir SMCA.

[4] Nomos 4779/2021, Ensomatosi stin ethniki nomothesia tis Odigias (EE) 2010/13 tou Europaikou Koinovouliou kai tou Symvouliou tis 10is Martiou 2010 gia ton syntonismo orismenon nomothetikon, kanonistikon kai dioikitikon diatakseon ton kraton melon schetika me tin parochi ypiresion optikoakoustikon meson, opos echei tropopoiithi me tin Odigia (EE) 2018/1808 tou Europaikou Koinovouliou kai tou Symvouliou tis 14is Noemvriou 2018 kai alles diatakseis armodiotitas tis Genikis Grammateias Epikoinonias kai Enimerosis (Dlí 4779/2021 lena dtrasuítear sa reachtaíocht náisiúnta Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 agus forálacha eile faoi inniúlacht na hArdrúnaíochta Cumarsáide agus Faisnéise) (Iris Rialtais I/27 an 20 Feabhra 2021) ('Dlí 4779/2021').

[5] Míníodh ag an éisteacht go ndearnadh an clár a bheoshruthú ar dtús, agus ina dhiaidh sin d'fhan sé ar shuíomh gréasáin Makeleio agus go bhféadfaí teacht air ar éileamh.

Dhlí 4779/2021 Airteagal 6(1) de Threoir SMCA a thrasuí ina iomláine focal ar fhocal, agus a fhrása tosaigh lena dtagraítear go ginearálta do thoirmeasc ar shárú ar dhínit an duine fágtha ar lár.[6]

10. Forchuireadh an dara pionós, de mhéid EUR 30 000 freisin, as sárú a dhéanamh ar an toirmeasc ar chlár ar dhroch-chaighdeán a chraoladh. Déantar foráil maidir le toirmeasc den sórt sin le dhá phíosa reachtaíochta a thagann roimh Dhlí 4779/2021, is é sin, Dlí 2328/1995 agus Foraithne 77/2003 ón Uachtarán.[7] Forchuirtear go sainráite leis an dá ghníomh sin an oibleagáid luach agus pearsantacht an duine a urramú agus toirmeasc a chur ar chraolachán clár a bhfuil a n-ábhar lag. Ag an éisteacht, mhínigh ESR gur measadh go raibh ábhar na gclár sin lag go beacht toisc gur sháraigh sé dínit an duine.

11. Ghearr ESR dhá phionós riaracháin freisin ar Zougla as an dara clár atá faoi chonspóid a chraoladh. Gearradh an chéad phionós, de mhéid EUR 80 000, as droch-ábhar a tharchur agus gearradh an dara pionós, de mhéid EUR 40 000, as sárú na hoibleagáide dínit an duine a urramú. Bhí an dá phionós bunaithe ar an dá dhlí chéanna ar ar a mbonn a forchuireadh an dara pionós ar Makeleio, is é sin, Dlí 2328/1995 agus Foraithne 77/2003 ón Uachtaráin.

12. Níl feidhm shonrach ag Dlí 2328/1995 agus Foraithne 77/2003 ón Uachtarán, a bhí mar bhunús dlí do chuid de na pionóis a forchuireadh, maidir le tairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin. Mar sin féin, bhí ESR den tuairim nach mór feidhm a bheith ag dlíthe náisiúnta lena bhforordaítear an oibleagáid dínit agus pearsantacht an duine a urramú, fiú má achtaíodh iad roimh Threoir SMCA, maidir le 'haon ábhar closamhairc a chuirtear ar fáil don phobal trí shuíomhanna gréasáin atá inrochtana go héasca agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige orthu siúd a bhreathnaíonn air inchomparáide leis an ábhar a tharlaíonn de bharr tarchur ábhair chomhfhreagraigh ag soláthraithe traidisiúnta ábhair'. Dá bhrí sin, i dtuairim ESR, ní mór feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a eascraíonn as na dlíthe náisiúnta sin freisin maidir le tairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin, cé nach bhfuil na tairseacha sin san áireamh go sainráite i bhfoclaíocht na bhforálacha náisiúnta ábhartha.

13. Trí dhá iarratas ar leith, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí iarrataí ar neamhniú chinntí ESR os comhair an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit). Áitíonn na hiarratasóirí nach féidir pionós a ghearradh orthu as sárú ar an oibleagáid dínit an duine a urramú agus as clár ar dhroch-chaighdeán a chraoladh toisc nach bhfuil feidhm ag an dlí náisiúnta lena bhforáiltear d'oibleagáid den sórt sin maidir le tairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin.

14. Ní léir ón gcomhad os comhair na Cúirte go ndéanann na hiarratasóirí agóid i gcoinne thréithriú na gclár atá i gceist mar shárú ar dhínit an duine nó mar chláir ar dhroch-chaighdeán. Ina ionad sin, baineann an dúshlán le *hinfheidhmeacht* dhlí na Gréige lena bhforchuirtear an oibleagáid gan dínit an duine a shárú orthu.

[6] De réir Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dá ordú tarchuir, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 8 de Dhlí 4779/2021: 'Níor cheart aon ghríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa atá bunaithe ar chine, ar dhath craicinn, ar thionscnamh náisiúnta nó eitneach, ar shinsearacht, ar reiligiún, ar mhíchumas, ar ghnéaschlaonadh, ar fhéiniúlacht nó ar shaintréithe inscne a bheith sna seirbhísí meán closamhairc.'

[7] Tagraíonn na horduithe tarchuir d'Airteagal 1(1) de Nomos 2328/1995, nomiko kathestos tis idiotikis tileorasis kai tis topikis radiofonias, rythmisi thematon tis radiotileoptikis agoras kai alles diatakseis (Dlí 2328/1995 maidir le stádas dlíthiúil teilifíse príobháidí agus raidió áitiúil, rialáil an mhargaidh craolacháin agus forálacha eile) (Iris Rialtais I/159 an 3 Lúnasa 1995) ('Dlí 2328/1995') agus Airteagal 2(1), Airteagal 4 agus Airteagal 9(2) den Proedriko diatagma 77/2003, kodikas deontologias eidiseografikon kai allon dimosiografikon kai politikon ekpompon (Foraithne 77/2003 ón Uachtarán maidir leis an gcód eitice le haghaidh nuachta agus craoltaí iriseoireachta agus polaitiúla eile (Iris Rialtais I/75 an 28 Márta 2003) ('Foraithne 77/2003 ón Uachtaráin')

15. Tá painéal an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) deighilte maidir le cé acu an bhforchuirtear nó nach bhforchuirtear leis an dlí náisiúnta toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine agus ar chlár ar dhroch-chaighdeán a chraoladh ar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin. Ar thaobh amháin, measann an tromlach nach mbaineann na dlíthe náisiúnta ábhartha, go soiléir agus go cinnte, le tairseacha nuachta idirlín den sórt sin a chraolann SMCA freisin. Mar thoradh air sin, i dtuairim an tromlaigh, ní fhéadfadh an t-údarás rialála náisiúnta, trí fhorálacha an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm de réir análaí, na pionóis atá i gceist a fhorchur ar iarratasóirí.

16. Ar an taobh eile, measann mionlach phainéal an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) go gcumhdaítear le dlí na Gréige, lena n-áirítear Airteagal 15(2) den Syntagma tis Elladas (Bunreacht na Gréige),[8] craoladh aon chláir, beag beann ar an modh craolacháin, lena n-áirítear tairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin. Dá bhrí sin, tá an mionlach sin den tuairim go bhforchuirtear le dlí na Gréige, mar atá sé faoi láthair, toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine ar chraoltóirí amhail Makeleio agus Zougla. I dtuairim an mhionlaigh, d'fhorchuir an t-údarás rialála náisiúnta na pionóis a bhí i gceist go dleathach.

17. In ainneoin an easaontais sin, measann an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) d'aon toil gurb é ceann de chuspóirí Threoir SMCA urraim do dhínit an duine a áirithiú agus cosc a chur ar chraolachán clár ar dhroch-chaighdeán atá i gceist sa dá chás atá idir lámha. Mar sin féin, iarrann an chúirt sin deimhniú ón gCúirt Bhreithiúnais go bhfuil an léiriú sin ar Threoir SMCA ceart.

18. Ina theannta sin, fiú más é cuspóir Threoir SMCA toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine agus má thagann sé faoina raon feidhme rialála, measann an chúirt a rinne an tarchur, nó a tromlach ar a laghad, nach bhféadfaí na pionóis atá i gceist a fhorchur ar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin, trí léiriú ar an dlí náisiúnta amháin i gcomhréir le Treoir SMCA. Chuirfí cosc air sin le prionsabal na dlíthiúlachta, mar a chuirtear in iúl sa nathán *nullum crimen, nulla poena sine lege*.

19. Sna himthosca sin, chinn an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An áirítear le cuspóirí Threoir [2010/13], arna leasú le [Treoir 2018/1808], agus mar sin raon feidhme na Treorach: (a) urraim agus cosaint do luach agus do dhínit an duine a áirithiú agus (b) cosc a chur ar chraoladh ábhair mhíchuí ag soláthraithe seirbhíse teilifíse agus, go háirithe, ábhar a bhfuil tréithe an chraolta sin aige a bhfuil sa chás seo ag an gcuideachta is iarratasóir?

(2) Ar an mbonn go dtagann (a) an oibleagáid luach agus dínit an duine a urramú agus a chosaint agus/nó (b) toirmeasc ar chraoladh ábhair mhíchuí agus, go háirithe, ábhar a bhfuil tréithe an chraolta atá faoi chonspóid leis, faoi raon feidhme na Treorach, an dtagann reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear na hoibleagáidí sin ar gach soláthraí seirbhíse teilifíse seachas

[8] Déileálann Airteagal 14 de Bhunreacht na Gréige le saoirsí cainte agus saoirse an phreasa. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 15(1): 'ní bheidh feidhm ag na forálacha cosanta don phreas san Airteagal roimhe seo maidir le scannáin, taifeadtaí fuaime, raidió, teilifís nó aon mheán comhchosúil eile chun urlabhra nó íomhánna a tharchur'.
Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 15(2) de Bhunreacht na Gréige:
'Beidh raidió agus teilifís faoi rialú díreach an Stáit. Baineann rialú agus forchur smachtbhannaí riaracháin le hinniúlacht eisiach na Comhairle Náisiúnta Raidió agus Teilifíse, ar údarás neamhspleách í, mar a shonraítear leis an dlí. Le rialú díreach an Stáit, a fhéadfaidh foirm stádais réamhcheadaithe a ghlacadh chuige féin freisin, díreofar ar tharchur oibiachtúil agus ar théarmaí comhionanna faisnéise agus tuarascálacha nuachta, chomh maith le saothair litríochta agus ealaíne, ar chaighdeán na gclár arna sainordú ag misean sóisialta an raidió agus na teilifíse agus ag forbairt chultúrtha na Tíre a áirithiú, agus chomh maith leis sin ar luach an duine a urramú agus an óige a chosaint.'

iad siúd a chraolann ábhar teilifíse ar an idirlíon amháin salach ar Airteagal 4(1) den Treoir, i dteannta le prionsabal na córa comhionainne atá cumhdaithe in Airteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

(3) I gcás freagra dearfach ar an gcéad dá cheist, ar cheart don údarás rialála náisiúnta, chun a áirithiú go bhfuil an Treoir éifeachtach sa chleachtas, rialacha an dlí náisiúnta lena bhforchuirtear na hoibleagáidí i dtrácht a chur i bhfeidhm go neamh-idirdhealaitheach ar gach soláthraí seirbhíse teilifíse, cé go bhforáiltear sa dlí náisiúnta do na hoibleagáidí agus na pionóis chomhfhreagracha do gach soláthraí seirbhíse teilifíse eile, ach ní dóibh siúd a chraolann a n-ábhar go heisiach tríd an idirlíon? Nó an bhfuil forchur na bpionós riaracháin as sárú na n-oibleagáidí sin ag craoladh teilifíse ar an idirlíon, de bhua léiriú leathan nó trí fhorálacha an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm dá réir sin, ar neamhréir leis an bprionsabal *nullum crimen, nulla poena sine lege certa*, atá cumhdaithe sa chéad abairt d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla?

(4) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist agus má mheastar nach dtagann (a) an oibleagáid luach agus dínit an duine a urramú agus a chosaint agus/nó (b) toirmeasc ar chraoladh ábhair mhíchuí ábhar amhail ábhar an chraolacháin atá i gceist) faoi raon feidhme na Treorach de réir bhrí Airteagal 4(1), i gcás ina bhforchuirtear le dlí Ballstáit na hoibleagáidí sin ar sholáthraithe seirbhísí teilifíse trí líonraí craolacháin trastíre, satailíte nó leathanbhanda, faoi bhagairt smachtbhannaí riaracháin, ach nach bhfuil rialacha coibhéiseacha inti maidir le soláthraithe seirbhísí teilifíse tríd an idirlíon, an bhfuil Airteagal 2(1) de Threoir 2010/13, mar atá sé faoi láthair, le tuiscint amhail go gceanglaítear ar an údarás inniúil náisiúnta breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht smachtbhannaí riaracháin a fhorchur as na rialacha thuasluaite a shárú freisin i ndáil le craoltaí teilifíse tríd an idirlíon a tharchur ar bhonn phrionsabal na córa comhionainne?

(5) I gcás freagra dearfach ar an gceathrú ceist, an gcomhlíonann oibleagáid an údaráis rialála náisiúnta, ar bhonn léiriú ar an dlí náisiúnta mar a leagtar amach thuas agus atá i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, le forálacha na Treorach dá dtagraítear thuas, chun go mbeidh feidhm maidir le gach seirbhís teilifíse go neamh-idirdhealaitheach, beag beann ar a modh tarcurtha, ag rialacha an dlí náisiúnta lena bhforchuirtear na hoibleagáidí atá i gceist, an prionsabal *nullum crimen, nulla poena sine lege certa* agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ós rud é nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí sin, dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta i gcás gach soláthróir eile seirbhísí teilifíse, maidir le teilifís tríd an idirlíon?

20. Chuir Makeleio, ESR, Rialtais na Gréige agus na Sualainne agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

21. Tionóladh éisteacht an 16 Deireadh Fómhair 2024 inar chuir Makeleio, ESR, Rialtais na Gréige agus na Sualainne agus an Coimisiún argóint ó bhéal i láthair.

III. Anailís

A. Réamh-shaincheisteanna

1. An féidir suíomhanna gréasáin amhail Makeleio agus Zougla a mheas mar sholáthraithe SMCA?

22. Ar dtús, is gá a chinneadh an bhféadfaí, i ndáil leis na cláir atá i gceist ar gearradh fíneáil orthu ina leith, Makeleio agus Zougla a mheas mar sholáthraithe SMCA a chumhdaítear le Treoir SMCA.

23. Leanann freagra dearfach na ceiste sin go soiléir, i mo thuairim, ó *New Media Online*.[9] Tháinig an breithiúnas sin roimh leasuithe 2018 ar Threoir SMCA. Mar sin féin, tá sé fós ábhartha, go háirithe ós rud é gur cuireadh cuid de thorthaí an bhreithiúnais sin san áireamh fiú i leagan 2018 de Threoir SMCA.

24. Bhain an cás sin le seirbhís arna soláthar ag cuideachta a bhainistíonn, ar an gcaoi chéanna leis na hiarratasóirí sna cásanna reatha, nuachtán ar líne. Mar sin féin, chomh maith lena príomhsheirbhís, chuir an chuideachta sin físeáin ghearra ar fáil a fhreagraíonn do ghearrthóga gairide nuachta nach bhfaightear de ghnáth, san fhormáid sin, ar an teilifís 'thraidisiúnta'. Ní raibh baint ag na físeáin sin leis an nuacht a chuir na nuachtáin ar líne sin ar fáil.

25. Sna himthosca sin, chinn an Chúirt ar dtús 'nach mór an coincheap "clár" de réir bhrí Airteagal 1(1)(b) de Threoir 2010/13 a léiriú sa chaoi go n-áirítear leis, faoi fhofhearann láithreán gréasáin nuachtáin, físeáin ghearra arb é atá iontu feasacháin nuachta áitiúla, gearrthóga spóirt agus siamsaíochta a sholáthar'.[10]

26. Tar éis a leasaithe in 2018, d'fhan an sainmhíniú ar 'chlár' in Airteagal 1(1)(b) de Threoir SMCA mar an gcéanna. Déantar foráil ann maidir leis an méid seo a leanas:

'ciallaíonn "clár" sraith íomhánna gluaisteacha, bíodh fuaim leo nó na bíodh, is ionann agus mír aonair, beag beann ar a fad laistigh de sceideal nó de chatalóg a bhunaíonn soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físe, ócáidí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úr'.

27. In *New Media Online*, mheas an Chúirt freisin gurb ionann clár den sórt sin agus 'seirbhís meán closamhairc' de réir bhrí Airteagal 1(1)(a)(i) de Threoir SMCA, fiú más é príomhghnó na cuideachta nuachtáin ar líne a sholáthar, más féidir clár den sórt sin a dhealú ón nuacht atá á soláthar ag an gcuideachta.[11]

[9] Breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2015, *New Media Online* (C-347/14, EU:C:2015:709, '*New Media Online*').

[10] *New Media Online*, mír 24.

[11] *New Media Online*, míreanna 26, 28 agus 33.

28. Leasaíodh Airteagal 1(1)(a)(i) de Threoir SMCA, ina sainítear brí na seirbhísí meán closamhairc, dá bhrí sin chun an cásdlí sin a chur san áireamh agus is é seo a leanas atá ann anois:

‘(a) ciallaíonn “seirbhís meán closamhairc”:

(i) seirbhís, mar a shainmhínítear in Airteagal 56 agus in Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás ina bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di dírithe ar chláir a sholáthar, faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán, don phobal i gcoitinne, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil trí líonraí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí phointe (a) d’Airteagal 2 de Threoir 2002/21/CE; is craoladh teilifíse, mar a shainmhínítear i bpointe (e) den mhír seo, nó seirbhís meán closamhairc ar éileamh, mar a shainmhínítear i bpointe (g) den mhír seo, seirbhís meán closamhairc den sórt sin’.

29. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, níl aon amhras orm go dtagann suíomhanna gréasáin idirlín nach gnáthstáisiúin teilifíse iad faoi raon feidhme Threoir SMCA nuair a chraolann siad cláir de réir bhrí Airteagal 1(1)(a)(i) de Threoir SMCA, mar a bpríomhsheirbhís nó mar chuid indealaithe den chineál eile seirbhíse a sholáthraíonn siad.

30. Ní cosúil go bhfuil baint ag na físeáin a chuir Makeleio agus Zougla ar fáil go poiblí leis an nuacht ar a suíomh gréasáin. Dá bhrí sin, is cosúil go dtagann na cláir atá i gceist sna cásanna seo faoin sainmhíniú ar sheirbhís meán closamhairc.

31. Ag an éisteacht, d’áitigh Makeleio nár cuireadh an clár i gceist ar fáil faoina fhreagracht eagarthóireachta.

32. Chinn an Chúirt go bhfuil sé le tuiscint ‘go nglacann duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát freagracht eagarthóireachta [...] má roghnaíonn sé cláir an chainéil sin agus má eagraíonn sé iad i sceideal croineolaíoch’. [12] Léirítear é sin freisin sa sainmhíniú ar ‘fhreagracht eagarthóireachta’ in Airteagal 1(1)(c) de Threoir SMCA. [13]

33. Agus inniúlachtaí á roinnt idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta sa nós imeachta um réamhrialú, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé na fíorais a shuíomh. Tá an Chúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, faoi cheangal ag an gcur síos ar an gcás i dtéarmaí na bhfíoras agus an dlí náisiúnta is infheidhme mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur i láthair é. [14]

34. I ndáil leis sin, tá sé ábhartha, sna horduithe tarchuir, gur chuir an chúirt a rinne an tarchur Treoir SMCA agus an breithiúnas in *New Media Online* san áireamh, agus gur mheas sí d’aon toil, maidir le cláir ar gearradh fíneáil orthu i leith a gcraolta, gur soláthraithe SMCA iad an dá iarratasóir de réir bhrí Threoir SMCA.

35. Faoi réir deimhniú críochnaitheach ón gcúirt a rinne an tarchur, is cosúil, dá bhrí sin, go dtagann na himthosca sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme pearsanta Threoir SMCA, arna leasú in 2018.

[12] Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2019, *Baltic Media Alliance* (C-622/17, EU:C:2019:566, mír 41).

[13] Sa chás seo, nuair a cuireadh ceist air faoin ábhar sin ag an éisteacht, dheimhnigh Makeleio go ndearna oibrí Makeleio SMCA a roghnú agus a eagrú faoi mhaoirseacht na cuideachta sin.

[14] Féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Márta 1978, *Oehlschläger* (104/77, EU:C:1978:69, mír 4), agus an 31 Eanáir 2023, *Puig Gordi agus páirtithe eile* (C-158/21, EU:C:2023:57, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

2. An t-easaontas idir baill phainéal na cúirte a rinne an tarchur

36. Mar a mhínigh mé, easaontaíonn painéal an dlísheomra a rinne an tarchur sa Chomhairle Stáit le léiriú dhlí na Gréige mar a bhaineann sé leis na cásanna seo (féach míreanna 15 agus 16 den Tuairim seo).

37. Ar thaobh amháin, measann an tromlach nach gcuirtear cosc ginearálta le reachtaíocht na Gréige ar shárú ar dhínit an duine agus ar chláir de ar dhroch-chaighdeán ar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin a sholáthar. Ar an taobh eile, measann an mionlach go bhforchuirtear oibleagáidí den sórt sin ar chraoltóirí idirlín den sórt sin faoi dhlí reatha na Gréige.

38. I ndáil leis sin, is gá a mheabhrú, faoi roinnt na n-inniúlachtaí sa nós imeachta um réamhrialú, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais dlí náisiúnta a léiriú. Ní féidir leis an gCúirt ach na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais a léiriú.[15] I gcás ina bhfuil treoracha i gceist, mar atá sna cásanna seo, is féidir leis an gCúirt míniú a thabhairt ar na hoibleagáidí a cheanglaítear le treoir ar na Ballstáit a fhorchur ar na hábhair laistigh dá ndlínse trí reachtaíocht chur chun feidhme a ghlacadh.

39. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé ansin a chinneadh an ndearnadh treoir a thrasuí i gceart leis an dlí náisiúnta cur chun feidhme nó nach ndearnadh. I ndáil leis sin, ní féidir leis an gCúirt, sna cásanna seo, an t-easaontas idir tromlach agus mionlach dlísheomra a rinne an tarchur de chuid na Comhairle Stáit a réiteach.

40. Mar sin féin, is fiú a mheabhrú, faoin tríú mír d'Airteagal 288 CFAE, go bhfágtar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú, cé go bhfuil treoir ina ceangal ar gach Ballstát chuig a ndíreofar í maidir leis an toradh atá le baint amach.

41. Dá bhrí sin, ní gá go gciallódh glacadh na reachtaíochta lena gcuirtear treoir chun feidhme nach mór dlí a ghlacadh a bhfuil an cuspóir sonrach aige treoir ar leith a thrasuí.

42. De réir chásdlí socair na Cúirte, 'd'fhéadfadh trasuí iomarcach trí bhearta sonracha breise reachtacha nó rialála a bheith mar thoradh ar phrionsabail ghinearálta nó rialacha ginearálta a bheith ann, ar choinníoll, áfach, go n-áirithítear leis na prionsabail nó na rialacha sin go hiarbhír cur i bhfeidhm iomlán na treorach sin agus, i gcás ina bhféachtar leis an bhforáil ábhartha den treoir cearta a chruthú do dhaoine aonair, go bhfuil an staid dhlíthiúil a eascraíonn as na prionsabail nó na rialacha sin beacht agus soiléir go leor agus go gcuirtear ar chumas na ndaoine lena mbaineann eolas a bheith acu ar mhéid iomlán a gceart agus, i gcás inarb iomchuí, a bheith in ann brath orthu os comhair na gcúirteanna náisiúnta.'[16]

43. Dá bhrí sin, 'chun a chinneadh an gcuirtear chun feidhme go leordhóthanach leis an reachtaíocht náisiúnta na hoibleagáidí a eascraíonn as treoir ar leith, tá sé tábhachtach a chur san áireamh ní hamháin an reachtaíocht a glacadh go sonrach chun an treoir sin a thrasuí, ach na rialacha dlíthiúla uile atá ar fáil agus is infheidhme freisin'.[17]

[15] Féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Nollaig 1965, *Dekker* (33/65, EU:C:1965:118, lch. 904) agus an 26 Deireadh Fómhair 2023, *EDP–Energias de Portugal agus páirtithe eile* (C-331/21, EU:C:2023:812, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[16] Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *Ultimo Portfolio Investment (Luxembourg)* (C-303/20, EU:C:2021:479, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[17] Breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *Ultimo Portfolio Investment (Luxembourg)* (C-303/20, EU:C:2021:479, mír 35).

44. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a thuiscint gur leor an reachtaíocht a bhí ann sular glacadh treoir nó na rialacha a leagtar síos sa bhunreacht náisiúnta chun an treoir a thrasuí, ar choinníoll gur féidir leis na daoine is ábhar a fháil amach le deimhneacht leordhóthanach go bhfuil cearta acu nó go bhfuil oibleagáidí forchurtha orthu leis an treoir. Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfar na rialacha atá ann cheana a fhorlíonadh ach amháin le dlí nua sa roinn nach bhfuil clúdaithe go fóill ag na rialacha atá ann cheana. Dá bhrí sin, braitheann an teicníc chuí chun treoracha a thrasuí ar na modhanna sonracha rialála i ngach Ballstát.

45. Cé acu a chuir nó nár chuir Dlí 4779/2021, lenar trasuíodh Treoir SMCA i ndlí na Gréige, le líonra casta na ndlíthe lena rialaítear seirbhísí meán closamhairc sa Ghréig amháin,[18] agus nár thug sé isteach ach na noirm sin nach raibh ann cheana (mar a mhol ERS agus Rialtas na Gréige ag an éisteacht), ní féidir ach leis an gcúirt náisiúnta cinneadh a dhéanamh ina leith.

46. É sin ráite, b'fhéidir go dtuigfí gurb é an chéad cheist agus an dara ceist a tharchuirtear mar cheisteanna lena n-iarrtar ar an gCúirt a mhíniú cad iad na hoibleagáidí ar sholáthraithe SMCA a raibh ar na Ballstáit iad a thabhairt isteach ina gcóras dlí chun Treoir SMCA a thrasuí i gceart. Cuirfidh sé sin ar chumas na cúirte a rinne an tarchur a chinneadh an ndearnadh an Treoir sin a thrasuí i gceart sa dlí náisiúnta.

47. Fiafraítear sa tríú ceist ansin, i gcás nár trasuíodh Treoir SMCA go hiomlán leis an dlí náisiúnta, an bhfuil oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta, sna cásanna atá idir lámha, an dlí náisiúnta atá ann cheana a léiriú chun an toradh a cheanglaítear leis an Treoir sin a bhaint amach. Sna cásanna seo, is é an toradh atá air sin toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine ar gach soláthraí seirbhísí meán closamhairc, lena n-áirítear tairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin. Go háirithe, leis an gceist sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an sroichfeadh an oibleagáid maidir le léiriú comhréireach a teorainn dá mbeadh mar thoradh uirthi oibleagáid a fhorchur ar dhuine aonair, a bhféadfaí pionós coiriúil a fhorchur ina leith.

48. Mar a léireoidh mé, i bhfianaise na bhfreagraí ar na ceisteanna sin, ní bheidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an gceathrú ná ar an gcúigiú ceist.

B. Freagraí ar na ceisteanna a tharchuirtear

1. An chéad cheist – raon feidhme rialála Threoir SMCA

49. Lena céad cheist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur deimhniú ón gCúirt Bhreithiúnais go n-áirítear le cuspóir, agus dá bhrí sin le raon feidhme rialála, Threoir SMCA (a) toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine agus (b) toirmeasc ar ábhar an chláir ar dhroch-chaighdeán.

50. I ndáil leis sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, léiriú ar Airteagal 6(1) de Threoir SMCA.

[18] Ag an éisteacht, mhínigh Rialtas na Gréige nach mór na sraitheanna éagsúla den reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le SMCA a thuiscint i gcomhthéacs stairiúil, ag tosú ón mbunreacht nua, an chéad phríobháidiú ar an teilifís phoiblí, ansin an leathnú chuig teilifís íoc ar amharc, teacht na teilifíse digití, a tháinig in ionad na teilifíse analógaí, agus SMCA ar éileamh. Seachas na trí dhlí a luadh cheana, tá dlíthe eile de chuid na Gréige, a luaitear sna horduithe tarchuir, ábhartha sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

51. Léitear an fhoráil sin mar seo a leanas:

‘1. Gan dochar don oibleagáid atá ar na Ballstáit dínit an duine a urramú agus a chosaint, áiritheoidh na Ballstáit trí mheáin iomchuí nach mbeidh an méid seo a leanas sna seirbhísí meán closamhairc atá á soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán faoina ndlínse:

(a) gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó comhalta de ghrúpa bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt;

(b) briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541.’

(a) Toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine

52. Ar an gcéad dul síos, tagann an cheist chun cinn maidir le brí an fhrása tosaigh d’Airteagal 6(1) de Threoir SMCA. ‘gan dochar don oibleagáid atá ar na Ballstáit dínit an duine a urramú agus a chosaint’. Ar cheart an frása sin a léamh amhail go gceanglaítear ar na Ballstáit toirmeasc ginearálta ar shárú ar dhínit an duine a thabhairt isteach i gcláir sholáthraithe SMCA? Mar mhalairt air sin, an iad na hoibleagáidí sin amháin atá ar na Ballstáit a fhorchur ar sholáthraithe SMCA an dá oibleagáid chinnte sin a chuirtear in iúl faoi litreacha (a) agus (b) den Airteagal sin?

53. I dtogra an Choimisiúin le haghaidh Threoir 2018/1808, ní raibh an frása tosaigh sin ann. [19]

54. Mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht go raibh an frása sin mar thoradh ar chomhréiteach idir áitiú Pharlaimint na hEorpa an toirmeasc ginearálta ar shárú ar dhínit an duine a chur san áireamh go sainráite agus cur i gcoinne Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an bhfoclaíocht ghinearálta sin i dTreoir SMCA.

55. Maidir leis an t-aon doiciméad atá ar fáil agus atá mar chuid den stair reachtach, ní chuireann sé ar chumas na Cúirte ach a dheimhniú gur ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle araon le frása den sórt sin ar an gcéad léamh den phróiseas reachtach as ar eascair an Treoir SMCA leasaithe. [20] Mar sin féin, níl na cúiseanna lena raibh an Pharlaimint ag iarraidh toirmeasc ginearálta ar shárú ar dhínit an duine a chur san áireamh go sainráite i dtéacs na Treorach, ná níos tábhachtaí fós, na cúiseanna ar chuir an Chomhairle i gcoinne réiteach den sórt sin, curtha in iúl sna doiciméid atá ar fáil lena ndéantar stair reachtach Threoir SMCA a thaifead.

56. Dá bhrí sin, mar a d’admhaigh an Coimisiún ag an éisteacht, tá dhá léamh fhéideartha ar a laghad ann. Ar thaobh amháin, d’fhéadfaí a thuiscint nach bhforchuirtear le hAirteagal 6(1) de Threoir SMCA oibleagáid ghinearálta chun sáruithe ar dhínit an duine a thoirmeasc, ach dhá oibleagáid shonracha (gríosú chun fuatha agus foréigin (Airteagal 6(1)(a)) agus briogadh poiblí

[19] An Coimisiún Eorpach, ‘Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar i bhfianaise athruithe ar an margadh’ (COM(2016) 287 final). Sa bhunleagan ó 2010 de Threoir SMCA, léitear Airteagal 6 mar a leanas: ‘Áiritheoidh na Ballstáit trí mhodhanna iomchuí nach mbeidh aon ghríosú chun fuatha bunaithe ar chine, ar ghnéas, ar reiligiún nó ar náisiúntacht sna seirbhísí meán closamhairc arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán faoina ndlínse.’ Mar sin, ní raibh aon tagairt ann ach oiread do thoirmeasc ginearálta ar chláir lena sáraítear dínit an duine.

[20] Comhairle an Aontais Eorpaigh, ‘Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar i bhfianaise athruithe ar an margadh – An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa, (Strasbourg, 1 go 4 Deireadh Fómhair 2018)’, (ST 12689 2018 INIT), lch. 62. Cuireadh an frása céanna san áireamh in aithris 60 de Threoir 2018/1808.

chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh (Airteagal 6(1)(b))). Ar an taobh eile, d'fhéadfaí a thuiscint go bhforchuirtear leis an bhforáil chéanna oibleagáid ghinearálta gan dínit an duine a shárú, *mar aon leis* an dá oibleagáid shonracha sin a luadh.

57. Ag an éisteacht, is fearr leis an gCoimisiún an chéad léamh, is é sin nach bhfuil i dTreoir SMCA toirmeasc ginearálta ar shárú ar dhínit an duine nach mór a fhorchur ar sholáthraithe SMCA. Mar sin féin, mheas sé gur léiriú ar an gceanglas dínit an duine a urramú iad na hoibleagáidí sonracha ábhar lena ngríosaítear foréigean, fuath nó sceimhlitheoireacht a thoirmeasc.

58. Os a choinne sin, d'aontaigh gach rannpháirtí eile sa nós imeachta reatha (Makeleio, ESR, Rialtais na Gréige agus na Sualainne) gur oibleagáid faoi Threoir SMCA í urraim agus cosaint do dhínit an duine a áirithiú. Ba é sin seasamh na cúirte a rinne an tarchur freisin.

59. Molaim go dtacódh an Chúirt le léamh ar an réamhrá d'Airteagal 6(1) de Threoir SMCA ar dá réir a cheanglaítear ar na Ballstáit toirmeasc ginearálta a chur ar chláir lena sáraítear dínit an duine ina ndlíthe náisiúnta.

60. Rannchuidíonn cuspóir Threoir SMCA agus comhthéacs dlíthiúil Airteagal 6(1) di, lena n-áirítear forálacha eile den Treoir féin agus dlí níos leithne an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, leis an bhfrása tosaigh d'Airteagal 6(1) a léamh sa chaoi nach mór do na Ballstáit a áirithiú go n-urramóidh soláthraithe SMCA an oibleagáid ghinearálta gan dínit an duine a shárú ina gcláir.

61. I measc nithe eile, tá sé de chuspóir ag Treoir SMCA an margadh inmheánach in SMCA a chumasú, agus ardleibhéal cosanta do chuspóirí leasa ghinearálta á áirithiú ag an am céanna.[21] I ndáil leis sin, braitheann sé ar phrionsabal na tíre tionscnaimh, ar dá réir atá sé de fhreagracht ar Bhallstát a bhfuil soláthraithe SMCA bunaithe faoina dhlínse a áirithiú go gcomhlíonann siad na rialacha a fhorchuireann an Stát sin ar SMCA atá beartaithe don phobal.[22] Forchuirtear le Treoir SMCA an tacar íosta rialacha[23] nach mór do gach soláthraí SMCA a urramú (sna 'réimsí a chomhordaítear leis an Treoir seo'). Leis sin, is féidir oibleagáid a fhorchur ar na Ballstáit uile glacadh trasteorann SMCA arna gcraoladh ag soláthraithe ó Bhallstáit eile a chumasú. Ní féidir le haon Bhallstát aon srian a fhorchur, i bprionsabal, ar chúiseanna a thagann faoi na réimsí a chomhordaítear leis an Treoir.[24]

62. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an Treoir sraith de cheanglais chomhchoiteanna maidir le soláthraithe SMCA lena bhfeabhsaítear muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát, agus dá n-uireasa bheadh sé deacair dóibh glacadh le SMCA trasteorainn gan rialú agus údarú roimh ré. Áirítear ar na ceanglais sin urraim do chearta bunúsacha dá bhforáiltear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'),[25] lena n-áirítear dínit an duine a urramú a chuirtear in iúl ina hAirteagal tosaigh.

63. A mhéid a bhaineann le foclaíocht Threoir SMCA, sa bhreis ar an bhfrása tosaigh d'Airteagal 6(1) di, tagraítear in aithrisí 59, 60 agus 104 di do chosaint dhínit an duine mar luach nach mór a áirithiú le Treoir SMCA. Dá bhrí sin, fiú mura féidir leis an gCairt, aisti féin,

21 Féach aithris 104 de Threoir SMCA.

22 Airteagal 2(1) de Threoir SMCA.

23 Féach breithiúnais an 22 Meán Fómhair 2011, *Mesopotamia Broadcast agus Roj TV* (C-244/10 agus C-245/10, EU:C:2011:607, mír 34), agus an 18 Iúil 2013, *Sky Italia* (C-234/12, EU:C:2013:496, '*Sky Italia*', mír 12).

24 Airteagal 3 de Threoir SMCA.

25 Aithris 16 de Threoir SMCA.

oibleagáidí a fhorchur ar na Ballstáit, áirítear go soiléir i dTreoir SMCA an oibleagáid maidir le dínit an duine a urramú i measc na gceanglas nach mór do na Ballstáit a áirithiú chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh i réimse SMCA a chumasú. [26]

64. Tagraítear in aithris 3 de Threoir SMCA don Coinbhinsiún Eorpach um Theilifís Trasteorann de chuid Chomhairle na hEorpa, a glacadh an 5 Bealtaine 1989. [27] Sa Choinbhinsiún sin, ar bhraith an Chúirt cheana féin air agus Treoir SMCA á léiriú aici, [28] tá Airteagal 7, dar teideal 'Freagrachtaí an chraoltóra', ina luaitear 'go n-urramófar dínit an duine agus cearta bunúsacha daoine eile le gach mír de sheirbhísí an chláir, a mhéid a bhaineann lena gcur i láthair agus lena n-ábhar'.

65. Níos tábhachtaí fós, is luach í dínit an duine atá in Airteagal 2 CAE, an fhoráil lena liostaítear na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. [29] Luaitear ann gur comhluachanna ag na Ballstáit iad na luachanna sin.

66. Ina theannta sin, tá Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) freisin. Fiú mura bhfuil aon fhoráil shainráite sa Choinbhinsiún sin lena n-éilítear dínit an duine a urramú, foráiltear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) gurb é croílár ECHR dínit an duine agus saoirse an duine a urramú. [30]

67. Cuirtear béim bhreise ar lárnacht dhínit an duine le hionstraimí idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine 1948, a thagraíonn an brollach agus Airteagal 1 de do choincheap dhínit an duine.

68. Dá bhrí sin, is é an léamh loighciúil ar an bhfrása tosaigh a ghabhann le hAirteagal 6(1) de Threoir SMCA ná nach ndéanann sé ach an oibleagáid atá ar na Ballstáit cheana féin a athshonrú. Ní chuirtear i bhfeidhm leis ach oibleagáid ghinearálta na mBallstát dínit an duine a urramú agus a chosaint i réimse na seirbhísí meán closamhairc, rud a chuireann in iúl go soiléir nach mór do na Ballstáit an oibleagáid sin a fhorchur ar sholáthraithe agus a ndlíthe lena rialaítear SMCA á ndréachtú acu. [31]

69. Ar an gcúis sin, mar fhreagra ar an gcéad chuid den chéad cheist, táim den tuairim gur cheart don Chúirt a chinneadh go gceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 6(1) de Threoir SMCA a áireamh ina ndlíthe lena rialaítear SMCA an toirmeasc ginearálta a fhorchuirtear ar sholáthraithe SMCA maidir le sárú ar dhínit an duine ina gcláir.

[26] D'fhéadfaí a lua freisin, agus na himthosca amhail na himthosca sna príomhimeachtaí á gcur san áireamh, gur ghlac an Chomhairle in 1998 Moladh 98/560/CE an 24 Meán Fómhair 1998 maidir le hiomaíochas thionscal Eorpach na seirbhísí closamhairc agus faisnéise a fhorbairt trí chreataí náisiúnta a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh leibhéal cosanta inchomparáide agus éifeachtach a bhaint amach do mhionaoisigh agus do dhínit an duine (IO 1998 L 270, lch. 48).

[27] *Sraith Conarthaí Eorpacha*, Uimh. 132.

[28] Féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Meitheamh 2005, *Mediakabel* (C-89/04, EU:C:2005:348, mír 41), lena léirítear Treoracha 89/552 agus 98/34/CE, réamhtheachtaithe Threoir SMCA, agus an 4 Iúil 2019, *Baltic Media Alliance* (C-622/17, EU:C:2019:566, míreanna 69 agus 70).

[29] Tá béim curtha ag an gCúirt ar thábhacht Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear i mbreithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, míreanna 30 agus 32). I mbreithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-156/21, EU:C:2022:97, mír 232), chinn an Chuirt 'ba cheart a mheabhrú nach ráiteas de threoirlínte nó rúin de chineál polaitiúil amháin atá in Airteagal 2 CAE, ach go bhfuil luachanna ann a bhaineann […] le féiniúlacht an Aontais mar dhlíchóras, luachanna a léirítear go nithiúil i bprionsabail ina bhfuil oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de ar na Ballstáit'.

[30] Féach, mar shampla, ECtHR, breithiúnais an 22 Samhain 1995, *S.W.* v *an Ríocht Aontaithe*, (CE:ECHR:1995:1122JUD002016692, § 44); an 29 Aibreán 2002, *Pretty* v *an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:2002:0429JUD000234602, §65) agus an 25 Meitheamh 2024, *an Úcráin* v *an Rúis (Maidir leis an gCrimé)* (CE:ECHR:2024:0625JUD002095814, §1290).

[31] Go deimhin, mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta Trstenjak go galánta ina Tuairim i gCásanna Uamtha *NS* (C-411/10, EU:C:2011:610, mír 112),'ní mór dínit an duine a "urramú" amháin, ach í a "chosaint" freisin'.

(b) Toirmeasc ar ábhar ar dhroch-chaighdeán

70. Ar an dara dul síos, leis an gcéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin an gceanglaítear ar na Ballstáit le Treoir SMCA cláir ar dhroch-chaighdeán a thoirmeasc. Agus é sin á iarraidh aici, is cosúil go raibh cláir amhail an dá chraoladh atá i gceist, lena sáraítear dínit an duine, curtha san áireamh ag an gcúirt a rinne an tarchur.

71. Dar liomsa, mar a mhaígh Rialtas na Sualainne ag an éisteacht, ní rialaítear le Treoir SMCA ábhar na gclár ó thaobh a gcáilíochta de.

72. Mar sin féin, d'fhéadfaí a rá freisin go bhfuil tionchar ag an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine ar ábhar na gclár, ós rud é nach féidir leis an ábhar sin a bheith ina shárú ar dhínit an duine, agus, sa chiall sin, go gcuireann Treoir SMCA isteach ar ábhar na gclár. Mar sin féin, seachas an ceanglas go mbeadh clár saor ó sháruithe ar dhínit an duine agus go n-urramaíonn sé oibleagáidí eile a fhorchuirtear faoi rialacha comhordaithe Threoir SMCA, ní chuireann an gníomh sin isteach a thuilleadh ar ábhar an chláir.

73. Mar fhocal scoir, tagann an beart náisiúnta lena gceadaítear smachtbhannaí a fhorchur ar sholáthraithe SMCA a mbaineann a gcraoltaí an bonn de luach dhínit an duine faoi raon feidhme Threoir SMCA.

74. Os a choinne sin, ní thagann an beart náisiúnta lena bhforáiltear do smachtbhannaí a fhorchur ar na cláir nach bhfuil ach ar dhroch-chaighdeán faoi réimsí comhordaithe na Treorach.

75. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a shuíomh ar gearradh fíneáil ar na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí as sárú ar dhínit an duine nó, ina ionad sin, as droch-chaighdeán a gclár.

76. Molaim, dá bhrí sin, go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais an dara ceist ar an mbealach seo a leanas. Áirítear i raon feidhme rialála Threoir SMCA, arna léamh i bhfianaise a cuspóirí, toirmeasc ginearálta ar chláir lena sáraítear dínit an duine. Ní rialaítear le Treoir SMCA ábhar na gclár níos faide ná toirmeasc den sórt sin ar shárú ar dhínit an duine agus ar choinníollacha eile a fhorchuirtear sna réimsí a chomhordaítear leis an Treoir sin.

2. An dara ceist – rialacha náisiúnta níos mionsonraithe nó níos déine

77. Le hAirteagal 4(1) de Threoir SMCA, cuirtear ar chumas na mBallstát rialacha níos déine a thabhairt isteach sna réimsí a chomhordaítear leis an Treoir faoi choinníollacha áirithe. Is mar seo a leanas a léitear é:

'Beidh sé de shaoirse ag na Ballstáit ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse meán faoina ndlínse rialacha níos mionchruinne nó níos déine a chomhlíonadh sna réimsí a chomhordaítear leis an Treoir seo, ar an gcoinníoll go bhfuil na rialacha sin i gcomhréir le dlí an Aontais.'

78. Lena dara ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur go léireofaí an fhoráil sin, nó níos beaichte, is mian léi a fháil amach an bhfuil cead ag na Ballstáit, faoi rialacha níos déine den sórt sin, idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla sholáthraithe SMCA.

79. I mo thuairim, níl an cheist sin inghlactha ach amháin más rud é go bhféadfaí a thuiscint gur rialacha níos déine nó níos mionsonraithe iad cuid de rialacha an dlí náisiúnta atá i gceist sna cásanna seo – is é sin, an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine nó toirmeasc ar chláir ar droch-chaighdeán.

80. Ní hé sin an cás anseo, áfach.

81. Forchuirtear an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine mar cheanglas ginearálta faoi Airteagal 6(1) de Threoir SMCA, agus ní riail 'níos déine' é.

82. Ní riail é an toirmeasc ar chláir ar dhroch-chaighdeán a thagann faoi raon feidhme na réimsí a chomhordaítear le Treoir SMCA agus, dá bhrí sin, tá sé lasmuigh de raon feidhme Airteagal 4(1) di.

83. Dá bhrí sin, ní cosúil go bhféadfadh freagra ar an dara ceist a bheith úsáideach don chúirt a rinne an tarchur,[32] agus sin an fáth ar cheart don Chúirt diúltú í a fhreagairt ar fhorais do-ghlacthachta.

84. Mar sin féin, ós rud é gur bhain an dara ceist freisin le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar caitheamh ar bhealach éagsúil le soláthraithe éagsúla SMCA, cuirfidh mé leis, a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar shárú dhínit an duine, nach mór é a fhorchur ar gach soláthraí SMCA gan idirdhealú.

85. Mar sin féin, maidir le rialacha níos déine a fhorchur laistigh de na réimsí a chomhordaítear le Treoir SMCA, nach amhlaidh atá sna cásanna atá idir lámha, mhínigh an Chúirt gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla sholáthraithe SMCA. Má bhíonn soláthraithe éagsúla i gcásanna atá éagsúil go hoibiachtúil, níl aon bhac ar rialacha éagsúla a fhorchur orthu.[33] Dá bhrí sin, in *Sky Italia*, mheas an Chúirt go bhféadfaí na teorainneacha fógraíochta in aghaidh na huaire níos giorra a fhorchur ar chraoltóirí teilifíse íoctha ná iad siúd a leagtar síos do chraoltóirí saorchraolta. Bhí údar le hidirdhealú den sórt sin toisc go bhféadfadh an chéad cheann a gcostais a chumhdach ó shíntiúis a dtomhaltóirí, ach ní fhéadfaí an dara ceann a mhaoiniú ach ar bhealaí eile.[34]

86. Dá gcaithfí leis an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine mar riail níos déine laistigh den réimse a chomhordaítear le Treoir SMCA (*quod non*), ní bheadh aon údar ann caitheamh le soláthraithe idirlín ar bhealach difriúil le soláthraí SMCA de chineál ar bith eile. Maidir le cuspóir rialach den sórt sin, níl soláthraithe SMCA i staid atá éagsúil go hoibiachtúil.

[32] Féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, míreanna 44 agus 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[33] Go deimhin, tá réiteach den sórt sin i gcomhréir le prionsabal ginearálta an chomhionannais, atá daingnithe in Airteagal 20 den Chairt. Sna Mínithe a bhaineann leis an [gCairt] (IO 2007 C 303, lch. 17), an Míniú ar Airteagal 20 – Comhionannas os comhair an dlí: 'Freagraíonn an tAirteagal seo do phrionsabal ginearálta dlí atá le fáil sna Bunreachtanna Eorpacha go léir agus atá aitheanta freisin ag an gCúirt Bhreithiúnais mar bhunphrionsabal de dhlí an Chomhphobail (breithiúnas an 13 Samhain 1984, Cás 283/83 *Racke* [1984] ECR 3791, breithiúnas an 17 Aibreán 1997, Cás C-15/95 *EARL* [1997] ECR I–1961, agus breithiúnas an 13 Aibreán 2000, Cás 292/97 *Karlsson* [2000] ECR 2737).' De réir phrionsabal an chomhionannais, ní hamháin nach mór caitheamh go cothrom le cásanna comhionanna, ach ní mór caitheamh go héagsúil leis na cásanna éagsúla freisin, ach amháin má tá cúis ann caitheamh go cothrom leo. Féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2010, *Akzo Nobel Chemicals agus Akcros Chemicals* v *an Coimisiún agus páirtithe eile* (C-550/07 P, EU:C:2010:512, mír 55).

[34] Féach, chuige sin, *Sky Italia*, míreanna 20 agus 21.

87. A mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar dhroch-chaighdeán maidir le hábhar an chláir, ní chuirtear cosc le Treoir SMCA ar na Ballstáit caitheamh ar bhealach éagsúil le craoltóirí teilifíse traidisiúnta agus le craoltóirí idirlín nach gnáthstáisiúin teilifíse iad. Tá an tsaincheist sin lasmuigh de raon feidhme na Treorach sin.

88. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim nach bhfreagróidh an Chúirt an dara ceist.

3. An tríú ceist – teorainneacha le léiriú comhréireach

89. Tá an tríú ceist ón gcúirt a rinne an tarchur bunaithe ar an mbonn, arna thacú ag tromlach phainéal na cúirte a rinne an tarchur, nach bhforchuirtear le dlí na Gréige atá ann cheana oibleagáid ghinearálta dínit an duine a urramú ar thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin. Dá bhrí sin, ní bheadh aon bhunús dlí ann, faoi dhlí na Gréige mar a léiríonn an tromlach é, chun na pionóis atá i gceist a fhorchur. [35]

90. Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil sí faoi oibleagáid an dlí náisiúnta a léiriú sa chaoi go bhforchuirtear léi toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine ar thairseacha nuachta idirlín freisin a chraolann SMCA fiú dá mbeadh forchur pionós mar thoradh air sin.

91. Tá réimse fada cásdlí ann lena ndeimhnítear nach féidir le treoracha, astu féin, oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine aonair. [36] Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin trí threoracha a thrasuí sa dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir an oibleagáid gan dínit an duine a shárú a fhorchur ar Makeleio agus Zougla le Treoir SMCA féin.

92. I gcás nach bhfuil treoir trasuite i gceart nó ina hiomláine ag an dlí náisiúnta, tá sé d'oibleagáid ar chúirteanna náisiúnta an dlí náisiúnta a thabhairt chun comhréireachta leis an treoir sin trí léiriú, mar a mhínigh an Chúirt ar dtús in *Von Colson agus Kamman*. [37] Ceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta 'cibé rud atá laistigh dá dlínse' a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don treoir i gcás nithiúil. [38] D'fhéadfadh sé go mbeadh uirthi a cásdlí seanbhunaithe a athrú fiú, má tá sé bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta nach bhfuil ag luí le cuspóirí treorach. [39]

93. Dá bhrí sin, is é an cuspóir atá le léiriú comhréireach toradh a bhaint amach i gcás nithiúil lena mbainfí amach an toradh a bheadh ann dá gcuirfí an treoir chun feidhme i gceart. [40]

94. Sna cásanna seo, is é an toradh a theastaíonn ná go bhforchuirtear oibleagáid ar Makeleio agus ar Zougla gan dínit an duine a shárú sna cláir chlosamhairc a chuireann siad ar fáil don phobal.

[35] Chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le hinghlacthacht na ceiste sin (agus an dara ceist). Measann sí go bhfuil an cheist sin bunaithe ag an gcúirt a rinne an tarchur ar bhonn mícheart – *prima facie* – nach bhfuil craoltóirí idirlín nach gnáthstáisiúin teilifíse iad san áireamh le trasuíomh Threoir SMCA sa dlí náisiúnta. Sa nós imeachta um réamhrialú, áfach, ní féidir leis an gCúirt brí an dlí náisiúnta a bhunú. Mhínigh an chúirt a rinne an tarchur go soiléir go bhfuil easaontas ann maidir le léiriú an dlí náisiúnta idir breithiúna sa dlísheomra breithiúnachta, ach go nglacann an tromlach an seasamh ar a bhfuil an cheist seo bunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Chúirt Bhreithiúnais an cheist sin a fhreagairt ar an mbonn go gciallaíonn sé an méid a luaigh an chúirt a rinne an tarchur ina horduithe tarchuir.

[36] Cuireadh tús leis an gcásdlí sin le breithiúnas an 26 Feabhra 1986, *Marshall* (152/84, EU:C:1986:84, mír 48). Chun deimhniú níos déanaí ar an gcásdlí sin a fháil, féach breithiúnais an 7 Lúnasa 2018, *Smith* (C-122/17, EU:C:2018:631, míreanna 42 agus 43), agus an 18 Eanáir 2022, *Thelen Technopark Berlin* (C-261/20, EU:C:2022:33, mír 32).

[37] Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Aibreán 1984, *von Colson agus Kamann* (14/83, EU:C:1984:153).

[38] Féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2004, *Pfeiffer agus páirtithe eile* (C-397/01 go C-403/01, EU:C:2004:584, mír 118).

[39] Breithiúnas an 19 Aibreán 2016, *DI* (C-441/14, EU:C:2016:278, mír 33).

[40] Féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2004, *Pfeiffer agus páirtithe eile* (C-397/01 go C-403/01, EU:C:2004:584, mír 119).

95. Mar sin féin, chruthódh léamh den sórt sin ar an dlí náisiúnta, sna cásanna seo, dliteanas garchoiriúil, toisc go gceadófaí leis pionóis riaracháin a fhorchur as sárú ar oibleagáidí a fhorléirítear mar sin.

96. Go han-luath tar éis an oibleagáid maidir le léiriú comhréireach a bhunú, chuir an Chúirt in iúl go soiléir freisin go bhfuil teorainneacha ag an oibleagáid sin.[41] Baintear teorainn amháin amach nuair a bheadh sé d'éifeacht ag léiriú comhréireach dliteanas daoine a ghníomhaíonn de shárú ar fhorálacha na Treorach sa dlí coiriúil a chinneadh nó a ghéarú.[42]

97. Is léiriú é an teorannú sin ar phrionsabal na dlíthiúlachta, mar a léirítear sa nathán *nullum crimen, nulla poena sine lege*. Tá an prionsabal sin daingnithe in Airteagal 49 den Chairt agus in Airteagal 7 de ECHR.

98. Go hachomair, ciallaíonn prionsabal na dlíthiúlachta nach féidir duine a chur faoi dhliteanas coiriúil nó garchoiriúil[43] as gníomh nach raibh toirmiscthe le *dlí* tráth a rinneadh an gníomh.

99. De réir mar a tharlaíonn an léiriú comhréireach tar éis an gníomh inphionóis a dhéanamh, d'fhéadfaí a thuiscint go bhforchuirfí dliteanas coiriúil *post festum*.[44]

100. Sna cásanna seo, is cosúil go dtosaíonn formhór an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit), chomh maith leis na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ón mbonn go n-éilítear tagairt shainráite i gcónaí do na hábhair uile a chumhdaítear san fhoráil dlí is infheidhme le prionsabal na dlíthiúlachta. Toisc go raibh sé seo in easnamh i reachtaíocht na Gréige, nár luaigh go sainráite tairseacha nuachta idirlín a thairgeann SMCA freisin, ba cheart a thabhairt i gcrích nach raibh a fhios ag na hiarratasóirí go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar chláir a chraoladh lena sáraítear dínit an duine freisin. Dá bhrí sin, bhainfí amach an teorainn leis an léiriú comhréireach.

101. Mar sin féin, ní éilíonn cásdlí na Cúirte nó an ECtHR tagairt shainráite sa reachtaíocht chun ceanglais phrionsabal na dlíthiúlachta a chomhlíonadh. Is é an rud atá ríthábhachtach ná go bhféadfadh an duine atá i gceist a thuar go mbaineann an toirmeasc freisin lena ghníomhaíocht nó lena gníomhaíocht.

[41] Dá bhrí sin, i mbreithiúnas an 13 Samhain 1990, *Marleasing* (C-106/89, EU:C:1990:395, mír 8), shonraigh an Chúirt go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta teacht ar réiteach trí léiriú 'a mhéid agus gur féidir'. Ó tugadh breithiúnas an 16 Meitheamh 2005, *Pupino* (C-105/03, EU:C:2005:386), cuirtear an teorainn maidir le léiriú comhréireach in iúl tríd an gcoincheap '*contra legem*' (Ibidem, mír 47 agus, níos déanaí, breithiúnas an 25 Eanáir 2024, *Sofiyski gradski sad* (C-722/22, EU:C:2024:80, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear)).

[42] Féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Deireadh Fómhair 1987, *Kolpinghuis Nijmegen* (80/86, EU:C:1987:431, mír 13). Féach freisin, breithiúnais an 3 Bealtaine 2005, *Berlusconi agus páirtithe eile* (C-387/02, C-391/02 agus C-403/02, EU:C:2005:270, mír 74), agus an 20 Nollaig 2017, *Vaditrans* (C-102/16, EU:C:2017:1012, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[43] Shonraigh an Chúirt cheana féin go bhfuil feidhm ag prionsabal na dlíthiúlachta, atá ábhartha de ghnáth i réimse an dlí choiriúil, maidir le pionóis riaracháin freisin. Féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Deireadh Fómhair 2010, *SGS Belgium agus páirtithe eile* (C-367/09, EU:C:2010:648, míreanna 39 agus 61) agus an 24 Márta 2021, *Prefettura Ufficio territoriale del governo di Firenze* (C-870/19 agus C-871/19, EU:C:2021:233, míreanna 49 agus 50). Mar a d'áitigh an tAbhcóide Ginearálta Kokott, níl aon rud ann chun cosc a chur ar shubstaint phrionsabal na dlíthiúlachta i gcionta coiriúla agus pionóis a úsáid mar threoir do phionóis riaracháin (féach a Tuairim in *SGS Belgium agus páirtithe eile*, C-367/09, EU:C:2010:440, mír 37).

[44] Tá paradacsa áirithe i ráiteas den sórt sin. Is é sin le rá, ní chruthaíonn léiriú breithiúnach dlí nua, ach ní luaitear ann ach a bhfuil sa dlí ó bunaíodh é. Dá bhrí sin, is féidir a mhaíomh freisin gurbh ann don oibleagáid dhlíthiúil atá i gceist tráth a rinneadh an gníomh inphionóis. Mar sin féin, gné thábhachtach eile is ea gné shuibiachtúil, is é sin go bhféadfadh na daoine, faoi réir rialacha dlí, a bheith ar an eolas le soiléireacht leordhóthanach faoi na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis an dlí inrochtana. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí léiriú breithiúnach cruthaitheach a chomhshamhlú le cruthú an dlí.

102. Dá bhrí sin, mhínigh an ECtHR ‘agus “dlí” i gceist in Airteagal 7 déantar tagairt don choincheap céanna leis an gcoincheap dá dtagraítear sa Choinbhinsiún in áit eile agus an téarma sin á úsáid, coincheap lena gcuimsítear dlí reachtúil chomh maith le cásdlí agus lena dtugtar le fios ceanglais cháilíochtúla, lena n-áirítear ceanglais inrochtaineachta agus intuarthachta’. [45]

103. Mheas an Chúirt freisin, ag brath ar chásdlí an ECtHR, go gcomhlíontar an ceanglas go sonraítear sárú agus pionós go soiléir leis an dlí ‘sa chás go bhfuil an duine aonair lena mbaineann in ann, ar bhonn fhoclaíocht na forála ábhartha agus le cabhair ón gcúnamh léirmhínitheach a thugann na cúirteanna, a bheith ar an eolas faoi na gníomhartha nó na neamhghníomhartha a chuirfidh faoi dhliteanas coiriúil é’. [46]

104. Ní féidir, dá bhrí sin, an prionsabal nach mór sáruithe agus pionóis a shainiú leis an dlí a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar shoiléiriú de réir a chéile, cás ar chás, ar na rialacha maidir le dliteanas coiriúil trí léiriú breithiúnach, ar choinníoll go raibh an toradh intuartha go réasúnta tráth a rinneadh an sárú, go háirithe i bhfianaise an léirithe a cuireadh ar fáil maidir leis an bhforáil sa chásdlí ag an am ábhartha. [47]

105. I mbeagán focal, is é bunchloch phrionsabal na dlíthiúlachta an ceanglas go raibh a fhios ag an té a ngearrtar pionós air nó nach bhféadfadh sé neamhaird a dhéanamh de go raibh toirmeasc ar a ghníomh nó a gníomh.

106. Mar a mhínigh an Chúirt thairis sin, braitheann raon feidhme choincheap na hintuarthachta go mór ar ábhar an téacs atá i gceist, ar an réimse a chumhdaítear leis agus ar líon agus stádas na ndaoine a bhfuil sé dírithe orthu. D’fhéadfadh dlí an ceanglas maidir le hintuarthacht a chomhlíonadh fós fiú más gá don duine lena mbaineann comhairle dlí iomchuí a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh, a mhéid atá réasúnta sna himthosca, ar na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag caingean ar leith. Tá sé seo fíor go háirithe maidir le daoine a bhfuil gníomhaíocht ghairmiúil ar bun acu, a bhfuil taithí acu a bheith orthu dul ar aghaidh go han-chúramach agus iad i mbun a ngairme. Dá bhrí sin, is féidir a bheith ag súil leis go nglacfaidh daoine den sórt sin cúram ar leith agus meastóireacht á déanamh acu ar an riosca a bhaineann le gníomhaíocht den sórt sin. [48]

107. Dá bhrí sin, sna cásanna seo, cuirtear cosc ar an gcúirt a rinne an tarchur, i bprionsabal, a chinneadh go bhfuil na hiarratasóirí inphionóis mar gheall ar shárú ar dhínit an duine ar bhonn léiriú comhréireach an dlí náisiúnta. Is amhlaidh atá, mura rud é go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go bhféadfadh na hiarratasóirí sin a thuar, faoi dhlí na Gréige a bhí ann ag an

[45] ECtHR, breithiúnas an 22 Meitheamh 2000, *Coëme agus páirtithe eile* v *an Bheilg* (CE:ECHR:2000:0622JUD003249296, § 145, agus an cásdlí dá dtagraítear).

[46] Breithiúnas an 3 Bealtaine 2007, *Advocaten voor de Wereld* (C-303/05, EU:C:2007:261, mír 50). Féach freisin, breithiúnas an 24 Márta 2021, *Prefettura Ufficio territoriale del governo di Firenze* (C-870/19 agus C-871/19, EU:C:2021:233, mír 49).

[47] Breithiúnais an 22 Deireadh Fómhair 2015, *AC-Treuhand* v *an Coimisiún* (C-194/14 P, EU:C:2015:717, mír 41) agus an 27 Meitheamh 2024, *Mylan Laboratories agus Mylan* v *an Coimisiún* (C-197/19 P, EU:C:2024:550, mír 156 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[48] Breithiúnais an 5 Bealtaine 2022, *BV* (C-570/20, EU:C:2022:348, mír 43) agus an 27 Meitheamh 2024, *Mylan Laboratories agus Mylan* v *an Coimisiún* (C-197/19 P, EU:C:2024:550, mír 157 agus an cásdlí dá dtagraítear).

am ábhartha, agus cé nár tagraíodh go sainráite sa dlí sin do thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin, go raibh baint ag an toirmeasc ar chláir le hábhair thoirmiscthe a chraoladh leo freisin. [49]

108. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a shuíomh an bhféadfadh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a thuar, tráth a chraol siad na cláir atá i gceist, gur bhain an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine, agus an pionós as a shárú, lena ngníomhaíocht freisin, cé gur tairseacha nuachta idirlín iad a chraolann SMCA freisin. [50] Más rud é go gcaithfidh siad a bheith ar an eolas faoi thoirmeasc den sórt sin, ní gá go sáródh deimhniú oibleagáid den sórt sin trí shoiléiriú léirmhínitheach ar rialacha na Gréige an teorainn a bhaineann le léiriú comhréireach a fhorchuirtear le prionsabal na dlíthiúlachta.

4. An ceathrú agus an cúigiú ceist

109. Cuirtear an ceathrú ceist agus an cúigiú ceist ar an gcoinníoll go dtugann an Chúirt freagra diúltach ar an gcéad cheist, is é sin, nach gceanglaítear le Treoir SMCA toirmeasc ginearálta a thabhairt isteach ar chláir lena sáraítear dínit an duine agus an toirmeasc ar chláir ar dhroch-chaighdeán.

110. Ós rud é gur mhol mé go dtabharfadh an Chúirt freagra dearfach ar an gceist sin, ní gá freagra a thabhairt ar an gceathrú agus ar an gcúigiú ceist.

111. Go deimhin, i mo thuairim, ina freagra ar an gcéad cheist, ba cheart don Chúirt a mhíniú nach rialaítear le Treoir SMCA cáilíocht na gclár a chraoltar agus, dá bhrí sin, nach gcuirtear cosc léi ar na cláir ar dhroch-chaighdeán. Mar sin féin, sa mhéid gur mhínigh an chúirt a rinne an tarchur go ndéanann cuid (b) den chéad cheist, lena dtagraítear do dhroch-ábhar do chlár, cláir den chineál céanna a mheas agus na cinn atá i gceist sa chás idir lámha, i ndáiríre cuireann sí an cheist chéanna le cuid (a) den cheist sin, a bhaineann le sárú ar dhínit an duine. Dá bhrí sin, sa chás atá idir lámha, ní bhaineann an chúirt a rinne an tarchur le haon cheist a bhaineann le toirmeasc ar chláir ar dhroch-chaighdeán faoin dlí náisiúnta, rud a théann níos faide ná an toirmeasc ar sháruithe ar dhínit an duine.

112. Ar na cúiseanna sin, ní dóigh liom gur gá an ceathrú agus an cúigiú ceist a fhreagairt.

[49] Chun cuimhneamh, sna cásanna reatha, d'eisigh an ESR ceithre fhíneáil. Maidir le Makeleio, cinneadh an chéad fhíneáil as foréigean nó fuath a ghríosú i leith daoine mar gheall ar a ngnéaschlaonadh. Níl aon fhadhb leis an bhfíneáil sin, ós rud é go raibh sí bunaithe ar an toirmeasc soiléir i nDlí 4779/2021 lena dtrasuitear Treoir SMCA, lena bhforáiltear do phionóis trí thagairt a dhéanamh do dhlíthe a bhí ann roimhe sin. Mar sin féin, bhí an dara fíneáil a gearradh ar Makeleio agus an dá fhíneáil a gearradh ar Zougla bunaithe ar na dlíthe a bhí ann roimhe sin, nár fhorchuir go sainráite aon oibleagáidí ar sholáthraithe idirlín dá gcineál. Ar an gcúis sin, mheas tromlach na cúirte a rinne an tarchur gur sháraigh na fíneálacha atá i gceist prionsabal na dlíthiúlachta.

[50] Chun tacú le cinneadh den sórt sin, cuireann an Coimisiún in iúl nach mór do na hiarratasóirí a bheith ar an eolas go gcuireann cód eiticiúil na gcraoltaí iriseoireachta, a achtaíodh i bhForaithne 77/2003 ón Uachtarán, cosc ar ábhar a sháraíonn dínit an duine chomh maith le hábhar atá ar dhroch-chaighdeán a chraoladh. Fiú mura ionstraim dlí cheangailteach é an cód sin, féadfar é a chur san áireamh agus intuarthacht oibleagáidí dlíthiúla á measúnú. Go deimhin, tugtar le fios i gcásdlí an ECtHR go bhféadfadh ról a bheith ag gníomhartha den sórt sin maidir le measúnú a dhéanamh an raibh oibleagáid 'forordaithe le dlí' de réir bhrí Airteagal 7 ECHR. I mbreithiúnas an ECtHR, dar dáta an 6 Aibreán 2010, *Flinkkilä agus páirtithe eile* v *an Fhionlainn*, (CE:ECHR:2010:0406JUD002557604, § 63 go 68), chinn an ECtHR, cé nach raibh an reachtaíocht beacht, go raibh rialacha níos déine fós sna Treoirlínte d'Iriseoirí agus i gcleachtas na Comhairle do Mhaismheáin ná mar a bhí sa dlí coiriúil féin. Ar an gcúis sin, chinn an ECtHR go raibh an oibleagáid atá i gceist sa chás sin 'forordaithe le dlí' agus go raibh an pionós comhleanúnach dá réir sin le prionsabal na dlíthiúlachta.

IV. Conclúid

113. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt na ceisteanna a tharchuir an Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig) mar a leanas:

(1) Maidir le raon feidhme rialála Airteagal 6(1) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018, arna léamh i bhfianaise chuspóirí na Treorach sin,

ní mór léiriú a dhéanamh sa chaoi go n-áirítear leis an toirmeasc ginearálta ar chláir lena sáraítear dínit an duine.

Ní rialaítear le Treoir SMCA ábhar na gclár níos faide ná toirmeasc den sórt sin ar shárú ar dhínit an duine agus ar choinníollacha eile a fhorchuirtear sna réimsí a chomhordaítear leis an Treoir sin.

(2) I bhfianaise an fhreagra arna thabhairt ar an gcéad cheist, ní gá freagra a thabhairt ar an dara ceist.

(3) Le prionsabal na dlíthiúlachta, a chumhdaítear sa chéad abairt d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear cosc ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh go bhfuil duine inphionóis as sárú ar dhínit an duine ar bhonn léiriú comhréireach an dlí náisiúnta, mura rud é go bhféadfadh an duine sin a thuar, faoi dhlí na Gréige a bhí ann ag an am ábhartha, go mbaineann an toirmeasc ar chláir a chraoladh ina bhfuil ábhar lena sáraítear dínit an duine leis freisin, cé nár tagraíodh go sainráite sa dlí do thairseacha nuachta idirlín a chraolann SMCA freisin.

Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a shuíomh an bhféadfadh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a thuar, tráth a chraol siad na cláir atá i gceist, gur bhain an toirmeasc ar shárú ar dhínit an duine, agus an pionós as a shárú, lena ngníomhaíocht freisin. Más rud é go gcaithfidh siad a bheith ar an eolas faoi thoirmeasc den sórt sin, ní gá go sáródh deimhniú oibleagáid den sórt sin trí shoiléiriú léirmhínitheach ar rialacha na Gréige an teorainn a bhaineann le léiriú comhréireach a fhorchuirtear le prionsabal na dlíthiúlachta.

(4) Ní gá an ceathrú agus an cúigiú ceist a fhreagairt.